



REGIOSTARS 2024

TREOIR LE hAGHAIDH IARRATASÓIRÍ

Ábhar

REGIOSTARS 2024.....	3
Catagóirí an Chomórtais.....	5
Critéir Incháilitheachta agus Bhronnta.....	15
Amlíne	16
An Tábla Comhshó.....	16

REGIOSTARS 2024

Is éard is REGIOSTARS ann an comórtas bliantúil atá á eagrú ag AS REGIO ó bhí 2008 ann: tá sé tagtha chun bheith mar lipéad feabhais na hEorpa le haghaidh tionscadail atá maoinithe ag an Aontas, lena léirítear tionchar agus cuimsitheacht na forbartha réigiúnaí. In 2024, téann tionscadail in iomaíocht i gcúig chatagóir, a mhionsonraítear anseo thíos. Trí réitigh ar dhúshláin choiteanna a chur chun tosaigh agus sochar a bhaint as na deiseanna is mó, le REGIOSTARS spreagadh réigiúin chun beartas réigiúnach de chuid an Aontais a sholáthar, ag a bhfuil tionchar níos mó ná riamh. Spreagaimid iarratais ó réigiúin atá laghorbartha i gcomparáid le réigiúin eile san Eoraip agus ó na limistéir chláir uile. Tá an t-ardán iarratais ar líne ar oscailt go dtí an 31 Bealtaine 2024.

Bronntar REGIOSTARS ar thionscadail i gcúig chatagóir:

- **Catagóir 1) EORAIP IOMAÍOCH AGUS CHLISTE**
Iomaíochas, nuálaíocht agus teacht aniar eacnamaíoch a chur chun cinn
- **Catagóir 2) EORAIP GHLAS**
An t-aistriú glas mar chumasóir na forbartha réigiúnaí
- **Catagóir 3) EORAIP NASCTHA**
An tsoghluasteacht agus an nascacht a fheabhsú idir réigiúin
- **Catagóir 4) EORAIP SHÓISIALTA AGUS CHUIMSITHEACH**
Eoraip níos cuimsithí a bhaint amach trí thallanna réigiúnacha a chur chun tairbhe
- **Catagóir 5) EORAIP ATÁ NÍOS GAIRE DO NA SAORÁNAIGH**
Forbairt inbhuanaithe na gcineálacha críoch uile a chothú

Déanfaidh painéal d'acadóirí ardleibhéil sna réimsí faoi seach measúnú ar na hiarratais a chuirtear isteach agus roghnóidh sé na craobhiomaitheoirí. Tabharfar cuireadh do na craobhiomaitheoirí ansin chuig 'babhta deiridh' den roghnúchán le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha sa Bhruiséil.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, beidh an deis ag an bpobal vóta a chaitheamh ar son an chraobhiomaitheora is fearr leo le haghaidh Ghradam Rogha an Phobail. Fógrófar na buaiteoirí uile le linn an tsearmanais REGIOSTARS, rud a réachtálfar freisin le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha.

Buaiteoirí na gcúig chatagóir agus buaiteoir ghradam rogha an phobail, gheobhaidh siad feachtas cumarsáide áitiúil a bhainisteofar i gcomhar le AS REGIO chun na gníomhaíochtaí ar a mbronnfad gradam a chur chun cinn sa réigiún.

Leis an treoir seo le haghaidh iarratasóirí, tugtar tuairisc mhionsonraithe duit ar chatagóirí na ngradam agus na critéir incháilitheachta agus bhronnta. Is féidir teacht ar fhreagraí ar na

ceisteanna coitianta ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta (in EN amháin), rud atá le fáil ar [ardán an chomórtais](#).

Táimid ag tnúth le d'iarratas tionscadail a fháil, agus go n-éirí go geal leat!
An fhoireann REGIOSTARS

Catagóirí an Chomórtais

Catagóir 1 – Eoraip iomaíoch agus chliste

Iomaíochas, nuálaíocht agus teacht aniar eacnamaíoch a chur chun cinn

Le Catagóir 1 díreann ar thionscadail lena dtacaítear le Cuspóir Beartais 1, chun Eoraip iomaíoch agus chliste a bhaint amach trí chlaochlú eacnamaíoch agus cliste agus nascacht TFC réigiúnach a chur chun cinn.

Ó bhí 1993 ann, tá an Margadh Aonair i gcoilár an tionscadail Eorpaigh lena gcumasaítear saorghluaiseacht daoine, seirbhísí, earraí agus caipitil, agus deiseanna á dtairiscint do ghnólachtaí Eorpacha chomh maith le rogha níos mó agus praghsanna níos ísle do thomhaltóirí. Is é cnámh droma theacht aniar na hEorpa é. Leis sin cuirtear é ar a gcumas do shaoránaigh taisteal, cónaí, obair nó staidéar a dhéanamh cibé áit is mian leo. Ar an iomlán, leis sin cuidítear le doimhniú a dhéanamh ar imeascadh na gcathracha agus na réigiún Eorpach san Aontas. Príomhchuspóir is ea é margadh aonair saoráideach a sholáthar, inar féidir le cuideachtaí de gach méid agus in aon earnáil dul in iomaíocht ar théarmaí comhionanna, agus teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt, a mhargú agus a úsáid ar scála lena gcuirtear borradh faoina dtáirgiúlacht agus faoina n-iomaíochas domhanda, agus inar féidir le tomhaltóirí a bheith muiníneach go gcosnaítear a gcearta. Trí mhargadh aonair, tá an tAontas tiomanta dá sheasamh a neartú ar an margadh domhanda, teacht chun bheith ina ghníomhaí digiteach domhanda, agus geilleagar digiteach cóir agus iomaíoch a sholáthar.

Tá an Coimisiún meáite ar 'Deacáid Dhigiteach' a dhéanamh den deacáid seo le haghaidh na hEorpa agus dá réir sin fíis dhuinelárnach, inbhuanaithe a chur chun feidhme le haghaidh sochaí dhigiteach agus é ag díriú ar cheannasacht dhigiteach an tráth céanna. Tá sé d'aidhm ag straitéis dhigiteach an Aontais a chinntiú gur chun leas na saoránach agus na ngnólachtaí a rachaidh an claochlú sin, sin agus cuidiú leis an Aontas a sprioc a bhaint amach go mbeidh an Eoraip aeráidneodrach faoi 2050. Leis an dá aistriú – an t-aistriú glas agus digiteach – ba cheart a chéile a threisiú go hidéalach. Leis na haistrithe sin treisítear éileamh na margaí saothair ar oibrithe ardcháilíochta agus ardoilte. Dá réir sin, tá athsciliú, uas-sciliú, agus ath-imeascadh i margaí saothair ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh na haistrithe glasa agus digiteacha cóir agus cothrom ar bhonn sóisialta.

Táimid ag lorg dea-thionscadal lena gcuirtear chun cinn claochlú nuálach agus cliste i gcomhréir le spriocanna an dá aistriú. Leis sin cuimsítear tionscadail lena bhfeabhsaítear próisis agus scileanna digiteála agus lena léirítear cineálacha cur chuige nuálacha maidir le Straitéisí Taighde agus Nuálaíochta a chur chun feidhme lena mbaineann páirtithe leasmhara, nó maidir le cláir oibre cathracha agus sráidbhailte cliste a chothú. Tá fáilte roimh thionscadail lena n-ullmhaítear FBManna Eorpacha chun dul in iomaíocht i ngeilleagar domhandaithe agus is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo, mar shampla, gníomhaíochtaí lena bhforbraítear teicneolaíocht agus táirgí nua,

lena gcuirtear feabhas ar chórais nuálaíochta, lena gcothaítear iomaíochas trí thionscadail dearaidh agus chruthaitheacha, lena gcothaítear fiontraíocht shóisialta, lena bhfeabhsaítear nuálaíocht shóisialta agus seirbhíse, lena dtacaítear le samhlacha gnó nua agus nuálaíochtaí bunaithe ar chleachtas. Ar na gnéithe de na tionscadail sin d'fhéadfaí a chuimsiú rannchuidiú le córais nuálaíochta réigiúnaí inbhuanaithe, tacú le huathriail thionsclaíoch na hEorpa nó cur leis an margadh fostaíochta sna tionscadail dhigiteacha.

Tagairtí úsáideacha

- Deacáid Dhigiteach Eorpach: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/europes-digital-decade>
- An Straitéis Thionsclaíoch don Eoraip: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-industrial-strategy_ga
- Plean Tionsclaíoch Eorpach an Chomhaontaithe Ghlais: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal/green-deal-industrial-plan_ga
- An Gníomh Eorpach um Shliseanna: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-chips-act_ga
- An Dá Aistriú: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/jrc-news-and-updates/twin-green-digital-transition-how-sustainable-digital-technologies-could-enable-carbon-neutral-eu-2022-06-29_en
- An tArdán um Speisialtóireacht Chliste: <https://s3platform.jrc.ec.europa.eu>
- Comóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair: https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/30th-anniversary_en
- 30 Bliain den Mhargadh Aonair: https://single-market-economy.ec.europa.eu/publications/single-market-30_en
- Sráidbhailte Cliste Eorpacha: https://ec.europa.eu/enrd/smart-and-competitive-rural-areas/smart-villages/smart-villages-portal_en.html

Catagóir 2 – Eoraip Ghlas

An t-aistriú glas mar chumasóir na forbartha réigiúnaí

Le Catagóir 2 díreann ar thionscadail lena dtacaítear le Cuspóir Beartais 2, chun Eoraip atá glas agus athléimneach a bhaint amach trí aistriú fuinnimh ghlan agus chóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, cosc agus bainistiú riosca, agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn.

Féachann an tAontas le bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050. Leis an gComhaontú Glas uailmhianach don Eoraip tá sé d'aidhm ag an Aontas feabhas a chur ar dhea-bhail agus sláinte na saoránach agus na nglúnta atá le teacht trí (1) aer úr, uisce glan, ithir fholláin agus bithéagsúlacht a sholáthar chomh maith le (2) foirgnimh athchóirithe, fhuinneamhéifeachtúla, (3) bia folláin agus inacmhainne, (4) níos mó iompar poiblí, (5) fuinneamh níos glaine agus nuálaíocht theicneolaíoch ghlan agus cheannródaíoch, (6) táirgí níos marthanaí ar féidir iad a dheisiú, a athchúrsáil agus a athúsáid, (7) poist agus oiliúint scileanna atá slán i bhfad na haimsire le haghaidh an aistrithe chomh maith le (8) tionscal atá iomaíoch agus athléimneach go domhanda.

I gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip tá caomhnú agus cosaint fharraigí, aigéin agus chomhshaol na hEorpa, ar foinse de rachmas nádúrtha agus eacnamaíoch le haghaidh na hEorpa iad. Ar an iomlán, cuimsítear leis bithéagsúlacht agus éiceachórais an Aontais a chosaint, truailliú aeir, uisce agus ithreach a laghdú, aistriú i dtreo geilleagar ciorclach, feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus inbhuanaitheacht an gheilleagair ghoirm a chinntiú.

Leis an gComhaontú Glas soláthraítear creat tábhachtach le haghaidh tionscnaimh éagsúla. Leis an bPlean REPowerEU tá sé d'aidhm ag an Aontas tacú le caomhnú fuinnimh, fuinneamh glan a tháirgeadh, agus na soláthairtí fuinnimh a éagsúlú. Chun aeráidneodracht a bhaint amach, mhol an Coimisiún an Dlí Aeráide Eorpach, lena socraítear freisin sprioc nua níos uailmhianaí maidir le laghdú ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa atá cothrom le -55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 1990. Leis an Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF, a athbhreithníodh in 2023), leagtar amach conas a rannchuidíonn an earnáil úsáide talún le spriocanna aeráide an Aontais agus sprioc glanaistrithe carbóin talamhbhunaithe ar leithligh ann de 310 milliún tona de choibhéis CO₂ faoi 2030.

Is é is aidhm don Eoraip freisin aistriú a dhéanamh sa chóras talmhaíochta agus bia, rud a fhágann go bhfuil an tAontas ina cheannaire domhanda ó thaobh sábháilteachta, shlándáil an tsoláthair, cothaithe agus cáilíochta de. Is é is aidhm don Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', mar shampla, dlús a chur leis an aistriú chuig córas inbhuanaithe bia. Is féidir le haistriú glas na hEorpa a bheith ina mhótar freisin le haghaidh aistriú digiteach, fuinnimh agus tionsclaíoch na hEorpa mar a fhoráiltear leis an dá aistriú mar a thugtar air. Leis an Sásra um Aistriú Cóir tacaítear leis go dtarlóidh an t-aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach agus tacaíocht á tabhairt do chríocha atá ar na críocha is déine ar charbón nó ina gcónaíonn an méid is mó daoine a oibríonn i mbreoslaí iontaise.

Táimid ag lorg dea-thionscadal lena gcuirtear chun cinn Eoraip atá níos glaise agus níos athléimní agus lena gcuirtear le spriocanna Chomhaontú Glas an Aontais a bhaint amach maidir le haeráidneodracht agus lena gcuirtear feabhas ar na dálaí comhshaoil. I measc nithe eile, ar na tionscadail is féidir a chuimsiú tá infheistíochtaí i dtionscnaimh ghlasa lena gcuirtear feabhas ar chailíocht an aeir agus an uisce, lena gcuirtear talmhaíocht inbhuanaithe chun cinn, lena gcaomhnaítear córais chomhshaoil. Ar an gnéithe de na tionscadail sin is féidir a chuimsiú freisin geilleagar ciorclach éifeachtúil a chruthú, claochlú i dtreo geilleagar atá tíosach ar acmhainní nó aistriú chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Tagairtí úsáideacha

- An Dlí Aeráide Eorpach: https://climate.ec.europa.eu/eu-action/european-climate-law_en
- An Comhaontú Glas don Eoraip: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga
- Ón bhFeirm go dtí an Forc: https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/farm-fork-strategy_en
- Beartas Comhshaoil: https://environment.ec.europa.eu/index_en
- Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal/green-deal-industrial-plan_ga
- Rialacha an Aontais maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF): https://climate.ec.europa.eu/eu-action/land-use-sector_en
- An Sásra um Aistriú Cóir https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal/finance-and-green-deal/just-transition-mechanism_ga#:~:text=Territorial%20just%20transition%20plans%20define,to%20be%20met%20by%202030.

Catagóir 3 – Eoraip Nasctha

An tsoghluasteacht agus an nascacht a fheabhsú idir réigiúin

Le Catagóir 3 díreann ar thionscadail lena dtacaítear le Cuspóir Beartais 3, chun an tsoghluasteacht agus an nascacht a fheabhsú.

Beidh bonneagar nasctha, nua-aimseartha, slán agus cliste ríthábhachtach chun comhtháthú a bhaint amach agus chun an Comhaontú Glas don Eoraip a sholáthar. Dá réir sin, tá an tAontas tiomanta tacú le líonraí tras-Eorpacha ardfheidhmíochta, inbhuanaithe atá idirnasctha go héifeachtúil a fhorbairt i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha. Is é is aidhm don bheartas iompair ar an leibhéal Eorpach gluaiseacht mhín, éifeachtúil, shábháilte daoine agus earraí, agus saorghluaiseacht na ndaoine agus na n-earraí sin, a chinntiú ar fud an Aontais trí bhíthin líonraí comhtháite agus na modhanna iompair uile á n-úsáid (bóthar, iarnród, uisce agus aer).

Leis an mBeartas Fuinnimh oibrítear i dtreo córas fuinnimh ar fud na hilchríche ina bhfuil fuinneamh ag gluaiseacht gan bhac thar theorainneacha, bunaithe ar iomaíocht le rialáil éifeachtach ar mhargaí fuinnimh ar leibhéal an Aontais i gcás inar gá, agus chun soláthar fuinnimh slán a sholáthar do na saoránaigh. Dá réir sin, leis an mbeartas tugtar achoimre ar an sprioc maidir le hAontas Fuinnimh athléimneach a bheith ann agus cuspóirí aeráide uailmhianacha ina chroílár. Ciallaíonn sé sin fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a sholáthar do thomhaltóirí an Aontais – idir theaghlaigh agus ghnólaichtaí.

An tráth céanna, ina Straitéis Dhigiteach, foirmlíonn an tAontas an sprioc chun go mbeidh an Eoraip ar an ilchríoch is nasctha faoi 2030. Chun an méid sin a bhaint amach, mar shampla, tá rialacha comhchuibhithe á bhforbairt ag an Aontas le haghaidh seirbhísí nasctha, thug sé isteach an cód um chumarsáid leictreonach Eorpach, tacaíonn sé le líonraí gan sreang. Is é an phríomhspríoc atá ann le haghaidh nascacht sa Deacáid Dhigiteach go mbeadh rochtain ag gach teaghlach Eorpach ar chumhdach idirlín ardluais faoi 2025 agus go mbeadh nascacht ghigighiotáin ann faoi 2030. Le Clár Digiteach na Saoráide um Chónascadh na hEorpa tacaítear mar shampla le 12 ‘chonair trasteorann dhigiteacha’, a bunaíodh chun freastal ar thástálacha beo ar 5G le haghaidh Soghluasteacht Nasctha, Chomhoibrítheach agus Uathoibríthe. Leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa leantar de thacaíocht a thabhairt d’infheistíochtaí lena líontar na lúba ar lár i gcnámh droma fuinnimh, iompair agus digiteach na hEorpa.

Táimid ag lorg dea-thionscadal lena gcuirtear chun cinn Eoraip níos nasctha a sholáthar. Leis sin cuimsítear tionscadail lena dtacaítear le réitigh shoghluasteachta atá éifeachtúil, sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol laistigh den Aontas agus lena gcruthaítear na dálaí le haghaidh tionscal iomaíoch lena ngintear fás agus poist. Orthu sin is féidir a chuimsiú freisin saincheisteanna leathana, cuir i gcás cearta paisinéirí nó breoslaí glana. Is féidir le tionscadail a bheith ina gcuidiú freisin chun spriocanna na nGreásán Tras-Eorpach a bhaint amach i réimse an fhuinnimh, an iompair nó na nasctha digití. Go sainráite, le tionscadail is féidir forbairt bonneagair fuinnimh nó iompair nua, nó athshlánú nó uasghrádú bonneagair atá ann cheana, a

chur os comhair an phobail. Leo sin is féidir freisin forbairt bonneagair ardfheidhmíochta atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe, agus líonraí gigighiotáin agus 5G san áireamh, a chur os comhair an phobail; chomh maith le hinniúlacht agus teacht aniar méadaithe bonneagar cnáimhe droma digiteach; nó digiteáil líonraí iompair agus fuinnimh.

Tagairtí úsáideacha:

- An Clár Oibre Digiteach don Eoraip: <https://www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/sheet/64/digital-agenda-for-europe>
- An Beartas Fuinnimh: <https://www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/sheet/68/energy-policy-general-principles>
- An Straitéis don Aontas Fuinnimh: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2015:80:FIN>
- An t-aistriú chuig fuinneamh glan: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal/energy-and-green-deal_ga
- An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa: https://cinea.ec.europa.eu/programmes/connecting-europe-facility_en
- Conairí trasteorann 5G: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/cross-border-corridors>
- An Beartas Iompair: https://transport.ec.europa.eu/facts-fundings_en

Catagóir 4 – Eoraip Shóisialta agus Chuimsitheach

Eoraip níos cuimsithí a bhaint amach trí thallanna réigiúnacha a chur chun tairbhe

Le Catagóir 4 díreann ar thionscadail lena dtacaítear le Cuspóir Beartais 4, chun Eoraip atá níos sóisialta agus níos cuimsithí a bhaint amach trí Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.

Tá an tAontas fothaithe ar luachanna dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine, agus cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad san áireamh. I gcomhréir leis sin, tá iarrachtaí ollmhóra á ndéanamh ag an Aontas chun gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus cóir chomhionann na nEorpach uile a fheabhsú, agus an comhionannas inscne, imeascadh imirceach, agus an inrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas san áireamh. Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, aon idirdhealú bunaithe ar aon fhoras cuir i gcás gnéas, cine, dath, náisiúntacht, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, soiléirítear go bhfuil sé in aghaidh na luachanna a bhaineann le Múnla Sóisialta Eorpach agus go dtairmíscfeadh é san Aontas.

I gcomhréir leo sin, leis an 20 prionsabal faoi Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta tá an tAontas á threorú i dtreo Eoraip shóisialta láidir atá cóir, cuimsitheach agus lán de dheiseanna le haghaidh cách. Leis sin cuimsítear comhionannas deiseanna agus rochtain ar mhargadh an tsaothair, dálaí oibre córa, agus an ceart chun cosaint shóisialta oiriúnach agus chun cuimsiú. Leis an bPlean Gníomhaíochta ina dhiaidh seo dearbhófar go mbainfeadh amach trí sprioc uailmhianacha go dtí 2030. Ar dtús, is é atá ann go mbeadh 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois fostaithe; ar an dara dul síos, go mbeadh 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile rannpháirteach in oiliúint gach bliain; agus ar an tríú dul síos, go ndéanfaí laghdú 15 mhilliún duine ar a laghad ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.

Ar na nithe dúshlánacha a spreagann an Clár Oibre Eorpach um Scileanna tá, i measc nithe eile, dul ar aghaidh an athraithe dhéimeagrafaigh i dtreo sochaí atá ag dul in aois agus na géarchéimeanna domhanda ag a bhfuil tionchar ar an Eoraip. Deir níos mó ná trí cheathrú de na cuideachtaí san Aontas go bhfuil deacrachtaí acu oibríthe a aimsiú ag a bhfuil na scileanna is gá; go háirithe, baineann sé sin le poist i dtionscail ardteicneolaíochta agus digiteála. Leis an aistriú mear i dtreo Eoraip aeráidneodrach agus claochlú digiteach, tá an bealach a n-oibrímid, a bhfoghlaimímid, a nglacaimid páirt sa tsochaí agus a gcaithimid ár saol laethúil ag athrú. Le haghaidh na hEorpa tá deis anseo teacht chun bheith níos sóisialta agus níos cuimsithí má fhorbraíonn a muintir na scileanna cearta.

Chun bheith ina sochaí níos sóisialta agus níos cuimsithí leathnaíonn an tAontas freisin a chlár oibre agus maoiníonn sé, mar shampla, tionscadail i gcomhréir le spriocanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne nó chun tacú le cúram sláinte níos fearr.

Táimid ag lorg dea-thionscadal lena rannchuidítear le sochaí níos cuimsithí i gcoitinne, neamh-idirdhealú aon duine, agus an comhionannas inscne laistigh agus lastall den Aontas. Go háirithe, le tionscadail tacófar leis an 20 prionsabal chomh maith leis na trí sprioc de Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Is é is féidir a bheith i gceist leis sin, mar shampla, gníomhaíochtaí ar mhargadh an tsaothair, san earnáil oideachais, i bpobail áitiúla agus i líonraí idirnáisiúnta. Go sainráite, le tionscadail léireofar an nuálaíocht i dtéarmaí cuimsiú gníomhach daoine idirdhealaithe nó daoine atá i mbaol idirdhealaithe a chothú, ath-imeascadh daoine faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair a éascú, rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne agus leis an éagsúlacht trí straitéisí bainistíochta, nó poist a chruthú le linn obair imeasctha agus iarrachtaí frith-idirdhealaithe. Chomh maith leis sin, fáiltítear roimh thionscadail lena bpléitear le cúram leanaí, daoine scothaosta, nó sláinte ar bhealach níos ginearálta agus lena rannchuidítear le cothromaíocht mhaith oibre is saoil.

Tagairtí úsáideacha:

- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais: https://ec.europa.eu/info/aid-development-cooperation-fundamental-rights/your-rights-eu/eu-charter-fundamental-rights_ga
- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights_ga
- Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/economy-works-people/jobs-growth-and-investment/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-action-plan_ga
- AS JUST, An Comhionannas Inscne: https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/gender-equality_en

Catagóir 5 – Eoraip atá níos Gaire do na Saoránaigh

Forbairt inbhuanaithe na gcineálacha críoch uile a chothú

Le Catagóir 5 díreann ar thionscadail lena dtacaítear le Cuspóir Beartais 5, chun forbairt inbhuanaithe agus chomhtháite na gcineálacha críoch agus tionscnamh áitiúil uile a chothú.

Tá an tAontas tiomanta d'fhorbairt inbhuanaithe agus chomhtháite ar limistéir uirbeacha, thuaithe agus chósta trí thionscnaimh áitiúla. Is é atá ríthábhachtach chun comhtháthú Eorpach a bhaint amach dúshláin iltéamacha a shárú le haghaidh forbairt réigiúnach chomhtháite ó earnáil go chéile. Le tabhairt isteach an Chuspóra Beartais chothromaíoch sin, is é is aidhm don Aontas an tábhacht a bhaineann le straitéisí infheistíochta comhtháite lena spriocdhírítear ar scálaí críochacha éagsúla a aithint – mar shampla cathracha, limistéir thuaithe, limistéir chathrach agus réigiúin fheidhmiúla, ina n-oibríonn, ina gcónaíonn agus ina mbíonn daoine ag comaitéireacht go laethúil.

Is é is aidhm don Aontas freagairt do na dúshláin sin a shainiú le laistigh de chríoch ar leith, ar lena n-aghaidh a fhorbraíonn páirtithe leasmhara áitiúla réitigh áitiúla. Is é atá i gceist le béim chríochach shainráite a bheith ann nach mór do riachtanais, dúshláin agus deiseanna le haghaidh forbartha a bheith ag teacht leis an scála spásúil agus leis an gcomhthéacs chríochach iomchuí. An ról atá ag cathracha beaga agus meánmhéide agus cineálacha cur chuige limistéir feidhmiúil, aithníonn an Coimisiún go bhfuil na nithe sin ina gceann feadhna tábhachtach le haghaidh tarraingteacht agus forbairt réigiúnach agus tuaithe trí sheach-iarmhairtí dearfacha a chruthú idir limistéir uirbeacha agus críocha eile, agus trí naisc uirbeacha agus thuaithe a threisiú.

Le linn 2021-2027, i ngach Ballstát cuirtear 8 % ar a laghad d'acmhainní CFRE i leataobh le haghaidh cathracha de gach méid agus dá limistéir chathrach agus fheidhmiúla trí straitéisí forbartha críochaí agus/nó áitiúla, is é sin agus úsáid á baint as Infheistíocht Chríochach Chomhtháite (ICC), Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail (CLLD) agus uirlisí comhchosúla freisin lena dtacaítear le cineálacha cur chuige comhtháite atá deartha ag na Ballstáit. Le straitéisí críochacha soláthraítear an deis chun inniúlacht a fhothú agus gníomhaíochtaí áitiúla a thionscnamh lena rannchuidítear le beartais Eorpacha, agus aistrithe glasa agus digiteacha san áireamh.

Táimid ag lorg dea-thionscadal lena dtacaítear le cur chun feidhme straitéisí áitiúla agus réigiúnacha, cuir i gcás, mar shampla, straitéisí um Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe (SUD) nó straitéisí forbartha críochaí agus áitiúla. Le tionscadail is féidir réimsí sonracha feabhsúcháin a chur os comhair an phobail freisin le haghaidh shaol laethúil na saoránach agus tacú le fothú acmhainneachta. Tá sé d'aidhm ag tionscadail cuidiú leis an réigiún teacht ar dhúshláin forbartha shonracha i limistéir uirbeach nó críochach feidhmiúil agus réitigh áitbhunaithe shonracha a fhorbairt le haghaidh na saoránach.

Tagairtí úsáideacha

- An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh: https://commission.europa.eu/about-european-commission/get-involved/european-citizens-initiative_ga
- Comhtháthú Críochach: https://ec.europa.eu/regional_policy/policy/what/territorial-cohesion_en
- *Handbook of Sustainable Urban Development Strategies*: [Lámhleabhar maidir le Straitéisí Forbartha Uirbí Inbhuanaithe]
<https://urban.jrc.ec.europa.eu/urbanstrategies/territorial-focus#the-chapter>
- *Handbook of Territorial and Local Development Strategies*: [Lámhleabhar maidir le Straitéisí Forbartha Críochaí agus Áitiúla]
<https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC130788>

Critéir Incháilitheachta agus Bhronnta

Critéir incháilitheachta

Leis na hiarratais uile le haghaidh na nGradam REGIOSTARS comhlíonfar na **critéir incháilitheachta** seo a leanas:

- a) Cuirfear an t-iarratas isteach trí ardán ar líne REGIOSTARS tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine 2024, 23:59:59 CET.
- b) Ní mór iarratais a bheith i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais.
- c) Leis an iarratas cuimseofar litir formhuinithe an Údaráis Bainistíochta ábhartha. An litir formhuinithe – foirm formhuinithe líonta atá sínithe ag ceann an Údaráis Bainistíochta nó ríomhphost agus an t-eolas coibhéiseach ann ó Cheann an Údaráis Bainistíochta lena ndeimhnítear formhuiniú – ba cheart í a uaslódáil mar PDF i dteannta an iarratais. (Tabhair do d'aire gur féidir suas le cúig thionscadal a chur isteach in aghaidh an chláir. Tá an tÚdarás Bainistíochta freagrach as an teorainn a urramú.)
- d) Leis an iarratas tagrófar do thionscadal ag a bhfuil cómhaoiniú faighte ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste um Aistriú Cóir nó tionscadal ag a bhfuil maoiniú ón Aontas faighte faoi aon snáithe de na cláir Interreg, dar tús an 1 Eanáir 2014 ar a luaithe.
- e) Ní bhreithnítear ach na tionscadail atá curtha i gcrích. Is é atá i gceist le tionscadal atá curtha i gcrích tionscadal ag a bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe uile déanta, ag a bhfuil a ranníocaíocht airgeadais chríochnaitheach faighte agus ar dhearbhaigh tairbhí an tionscadail agus/nó an tÚdarás Bainistíochta go bhfuil sé dúnta.
- f) Leis an tionscadal ní mór tagairt go soiléir do cheann de na cúig chatagóir gradam. Ní féidir an tionscadal céanna a chur isteach le haghaidh catagóirí éagsúla.

Critéir bhronnta

Déanfaidh giúiré REGIOSTARS na hiarratais incháilithe uile a mheasúnú in aghaidh na **gcritéir bhronnta** seo a leanas:

Comhtháthú	Rannchuidiú an tionscadail le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach i gcoitinne; agus peirspictíocht fhor-réigiúnach agus Eorpach ann. Déanfar meastóireacht anseo ar bhreisluach tionscadail i ndáil le comhtháthú.
Tionchar	Tionchar áitiúil agus réigiúnach an tionscadail agus cáilíocht na dtorthaí chríochnaitheacha. Conas a athraíodh rud éigin chun feabhais leis an tionscadal ina réigiún?
Nuálaíocht	Cineál nuálach an tionscadail laistigh de loighic na catagóire gradam roghnaithe. Cad atá nua? Cad é nach ndearnadh roimhe sin? Is féidir nuálaíocht a thuiscint i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus/nó éiceolaíocha.

Inbhuanaitheacht	Acmhainneacht an tionscadail leanúint ar aghaidh sa todhchaí, ó thaobh inbhuanaitheacht eacnamaíoch de. Ba cheart iarrachtaí an tionscadail seasamh lastall de shaolré iarbhír an tionscadail a léiriú.
Saoránaigh	Conas a ghlac saoránaigh agus páirtithe na sochaí sibhialta páirt i bhforbairt agus/nó cur chun feidhme an tionscadail.
Inaistritheacht	An acmhainneacht maidir leis an tionscadal a aistriú chuig réigiúin eile san Eoraip agus, sa chás is fearr, an tionscadal a mhéadú agus a rolladh amach ar fud an Aontais.

Amlíne

Imeacht	Dáta
Seoladh an chomórtais	Lár mhí Feabhra
An sprioc-am le haghaidh iarratas	Dé hAoine an 31 Bealtaine
Eolas maidir leis an tseiceáil incháilitheachta	Dé Luain an 17 Meitheamh
Fógra maidir leis na craobhiomaitheoirí	Lár mhí Iúil (an dáta beacht le deimhniú)
Tús an Vóta Phoiblí	Dé Luain an 2 Meán Fómhair
Oiliúint a chur ar na craobhiomaitheoirí ar líne maidir le tionscadal a chur i láthair	Le linn sheachtain 38 (an 16-20 Meán Fómhair)
Cur i láthair agus díospóireacht phainéil na gcraobhiomaitheoirí le giúróirí	Dé Máirt an 8 Deireadh Fómhair
Deireadh an vóta phoiblí	Dé Máirt an 8 Deireadh Fómhair
Searmanas REGIOSTARS	Dé Céadaoin an 9 Deireadh Fómhair (sa Bhruiséil)
Feachtais áitiúla leis na buaiteoirí	Ón 1 Nollaig an

An Tábla Comhshó

Ba cheart feidhm a bheith ag na tionscadail laistigh den chatagóir a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais faoinar maoiníodh iad. Le haghaidh na dtionscadal a maoiníodh le linn na tréimhse 2014-2020, ba cheart do na hiarratasóirí tagairt do chatagóir an chomórtais a chomhfhreagraíonn don chuspóir téamach faoinar maoiníodh iad mar a léirítear sa tábla.

Cuspóirí Téamacha 2014-2020	Cuspóirí Beartais 2021-2027
TO1; TO2; TO3;	PO1 – Eoraip atá níos iomaíche agus níos cliste
TO4; TO5; TO6	PO2 – Eoraip atá níos glaise agus ar bheagán carbóin
TO7	PO3 – Eoraip atá níos nasctha
TO8, TO9, TO10	PO4 – Eoraip atá níos sóisialta
ICC, CLLD, UIA	PO5 – Eoraip atá níos gaire dá saoránaigh

Tionscadail ó 2014-2020 a thagann faoi Chuspóir Beartais 11, ba cheart iad a chur i gceann de na cúig chatagóir de réir a n-ábhair shonraigh.